GX1265

# OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

## SCRÚDUITHE AN tSAMHRAIDH 1999

## AN DARA SCRÚDÚ OLLSCOILE

## HI 251 Éire sa naoú céad déag

**An Dochtúir Seán Duffy**
**An Dr Máire Harris**
**An tOllamh Nicholas Canny**

Freagair **trí** cheist.

Am Ceadaithe: Dhá uair a'chloig

1. An féidir a rá gur tháinig an daonlathas chun cinn in Éirinn sa naoú céad déag? Mínigh do fhreagra.

2. Cén tábhacht a bhain le ceist na talún i bhforbairt an náisiúnchais in Éirinn?

3. 'Is minic nach raibh deighilt ró-shoiléir idir an náisiúnachas bunreachtúil agus náisiúnachas na láimhe láidre in Éirinn sa naoú céad déag.' An tuairim seo a phlé.

4. Pléigh an díospóireacht idir lucht athscríofa na staire agus na stairithe traidisúnta maidir le do rogha dhá cheist i stair an naoú chéid déag.

5. Pléigh an ceangal idir féiniúlacht chultúrtha agus an náisiúnachas Éireannach.

6. An dtagann tú leis an tuairim gur theip ar pholaiteoirí náisiúnacha dul i ngleic le ceist Uladh?

**nó**

An féidir a rá gurbh 'áit ar leith' é cúige Uladh sa naoú céad déag?

7. Déan tráchtaireacht ar an mbaint a bhí ag na mná leis an saol polaitiúil in Éirinn sa naoú céad déag.

8. Conas a chuaigh ceisteanna creidimh i bhfeidhm ar imeachtaí polaitiúla in Éirinn sa naoú céad déag?

9. 'Bhí Parnell cliste mar cheannaire polaitiúil, ach bhí easpa freagarthachta ag baint leis chomh maith.' An tuairim seo a phlé.

10. Déan tráchtaireacht ar na bunfhoinsí atá le fáil le haghaidh taighde ar cheist ar bith is rogha leat a bhaineann le hÉirinn sa naoú céad déag. Is cóir tagairt a dhéanamh don úsáid is féidir a bhaint as na foinsí agus don teora atá leo.

11. Pléigh an tionchar a bhí ag imeachtaí idirnáisiúnta ar chúrsaí polaitíochta in Éirinn sa naoú céad déag.

**nó**

Cén chosúlacht a bhí idir teacht chun cinn an náisiúnachais in Éirinn sa naoú céad déag agus cúrsaí náisiúnachais in áiteanna eile sa tréimhse chéanna?

12. 'B'úsáideach an gléas troda í an stair do lucht polaitíochta na hÉireann sa naoú céad déag.' An tuairim seo a phlé.